Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

13363/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0042(COD)**

**CODEC 1522
EF 304
ECOFIN 923**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le risíochtaí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 12 Márta 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 11 Iúil 2018[2].

3. Ar an 18 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 9 go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2019. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 7066/18.
[2] IO C 367, 10.10.2018, lch. 56.
[3] 8500/19.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 85/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.